



An Bhruiséil, 17 Bealtaine 2023
(OR. en)

9312/23

LIMITE

JAI 608
COPEN 147
DROIPEN 68
ENFOPOL 234
CODEC 846

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0398(COD)**

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	8501/23
Ábhar:	Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus ar phionóis choiriúla i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais – Cur chuige ginearálta

I. CÚLRA

1. An 2 Nollaig 2022, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir maidir leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus ar phionóis choiriúla i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais.¹
Soláthraíodh bunús dlí an togra trí Chinneadh (AE) 2022/2332 ón gComhairle an 28 Samhain 2022 maidir le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a shainaithint mar limistéar coireachta a chomhlíonann na critéir a shonraítear in Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.²

¹ 15653/22.

² IO L 308, 29.11.2022, lch. 18.

2. Bhí an togra bunaithe ar an measúnú gur gá rialacha íosta a bhunú maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainiú i ndáil le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais, chun cur i bhfeidhm éifeachtach bhearta sriantacha an Aontais agus sláine an mhargaidh inmheánaigh laistigh den Aontas a áirithiú, agus chun ardleibhéal slándála a bhaint amach sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais.

II. **OBAIR AR LEIBHÉAL NA MEITHLE**

3. Tar éis thíolacadh an togra, scrúdaigh an Mheitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla (COPEN) agus Comhairleoirí CGB an togra faoi Uachtaránachtaí na Seice agus na Sualainne ar an gComhairle.
4. Sa phlé is déine a rinneadh faoi Uachtaránacht na Sualainne, díriodh ar Airteagal 3 (*Sárú ar bhearta sriantacha an Aontais*). Cé gur chomhaontaigh na toscaireachtaí le substaint na forála, rinneadh coigeartuithe *inter alia* chun soiléireacht a áirithiú maidir leis an gcaoi a mbaineann na cionta le coincheapa agus le forálacha substainteacha in ionstraimí an Aontais maidir le bearta sriantacha. Dealraíonn sé go bhfuil cothromaíocht sa téacs mar a leagtar amach é faoi láthair san Iarscríbhinn, sa chaoi go n-áirithítear comhleanúnachas an téacs agus go gcuirtear leasanna na mBallstát uile san áireamh.
5. Tar éis chruinniú Chomhairleoirí agus Shaineolaithe CGB an 28 Aibreán 2023, agus lena dhearbhu go bhféadfaí an téacs a chur faoi bhráid Coreper d'fhonn cur chuige ginearálta na Comhairle a ullmhú, reáchtáladh nós imeachta neamhfhoirmiúil an tosta maidir le téacs a bhí comhionann leis an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo. Tháinig deireadh le nós imeachta neamhfhoirmiúil an tosta ar 17.00, an 11 Bealtaine, gan agóid ó aon toscaireacht.

III. CONCLÚID

6. I bhfianaise an mhéid thuas,

iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an comhaontú maidir le téacs an togra le haghaidh Treorach mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn³ a ghabhann leis an nóta seo a dhearbhu; agus
- a mholadh don Chomhairle teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an téacs sin;

iarrtar ar an gComhairle:

- teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an téacs mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é, a bheidh mar bhonn don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa faoi chuimsiú an ghnáthnós imeachta reachtaigh (Airteagal 294 CFAE).

³ Léirítear na modhnuithe a rinneadh ar an togra bunaidh le **cló trom** nó le [...].

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis
an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus ar phionóis choiriúla i leith sárú ar bhearta sriantacha
an Aontais**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(1) de,

**Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2022/2332 ón gComhairle an 28 Samhain 2022 maidir le
sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a shainaithint mar limistéar coireachta a
chomhlíonann na critéir a shonraítear in Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú
an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 1 de,**

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun cur i bhfeidhm éifeachtach bhearta sriantacha an Aontais agus sláine an mhargaidh inmheánaigh laistigh den Aontas a áirithiú, agus chun ardleibhéal slándála a bhaint amach laistigh den Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, is gá rialacha íosta a bhunú maidir leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus ar phionóis i ndáil le sárú bhearta sriantacha sin Aontais.
- (2) Bearta sriantacha an Aontais, mar shampla bearta a bhaineann le cistí agus acmhainní eacnamaíocha a reo, toirmisc ar chistí agus ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil agus toirmisc ar theacht isteach i gcríoch Ballstáit den Aontas Eorpach, nó ar idirthuras trí chríoch Ballstáit den Aontas Eorpach, chomh maith le bearta eacnamaíocha **agus airgeadais** earnála agus trádhaic arm, is uirlis fhíor-riachtanach iad na bearta sin chun cuspóirí an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (**‘CBES’**), mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (**‘CAE’**), a chur chun cinn. Áirítear ar na cuspóirí sin luachanna, slándáil, neamhspleáchas agus ionracas an Aontais a chosaint, an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus prionsabail an dlí idirnáisiúnta a chomhdhlúthú agus tacú leo agus an tsíocháin idirnáisiúnta a **chaomhnú** [...], coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú **i gcomhréir** le haidhmeanna agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe.

- (3) Chun cur i bhfeidhm éifeachtach bhearta sriantacha an Aontais a áirithiú, is gá go mbeidh pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha i bhfeidhm ag na Ballstáit maidir le sárú na mbeart sriantach sin de chuid an Aontais, lena n-áirítear oibleagáidí, mar shampla tuairisciú, a bhunaítear leo. Is gá freisin go dtabharfar aghaidh leis na bearta sin ar theacht timpeall bhearta sriantacha an Aontais.
- (4) Chun bearta sriantacha an Aontais a chur i bhfeidhm go héifeachtach, tá gá le **comhrialacha íosta maidir le [...] sainmhínithe coiriúla ar iompar coiriúil [...] lena sáraítear toirmisc agus oibleagáidí a áirítear** i mbearta sriantacha an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur cion coiriúil é an t-iompar sin i gcás ina ndéantar d'aon ghnó é, **a mhéid is gur sárú é ar thoirmeasc nó oibleagáid a leagtar amach i mbeart sriantach de chuid an Aontais nó i bhforáil náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme beart sriantach de chuid an Aontais, i gcás inar gá cur chun feidhme náisiúnta na mbeart sin[...].** Níor cheart ach sáruithe tromchúiseacha a chumhdach leis an Treoir. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith aici maidir le sáruithe a bhaineann le cistí, acmhainní eacnamaíocha, earraí, seirbhísí, idirbhearta nó gníomhaíochtaí ar lú a luach ná EUR 10 000. Ina theannta sin, ba cheart mionchásanna sáruithe a bhaineann le toirmisc taistil a eisiámh óna raon feidhme. Tá coincheap na mionchásanna le léirmhíniú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ós rud é nach mbunaítear ach rialacha íosta leis an Treoir seo, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh an leathnófar a ndlí coiriúil náisiúnta chun iompar den sórt sin a chuimsiú. Ní dhéanann eisiámh sáruithe áirithe ó raon feidhme na Treorach seo difear d'aon oibleagáidí a leagtar amach i mbearta sriantacha an Aontais chun a áirithiú go mbeidh sáruithe inphionóis le smachtbhannaí coiriúla nó smachtbhannaí eile a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

- (4a) Féadfar foráil a dhéanamh le bearta sriantacha an Aontais d'eisceachtaí i bhfoirm díolúintí nó maoluithe ó na toirmisc a leagtar síos iontu. Tá tábhacht ar leith ag baint leo sin maidir le cabhair dhaonnúil a sheachadadh, mar shampla. Níor cheart iompar a chumhdaítear le díolúine dá bhforáiltear i mbeart sriantach de chuid an Aontais nó atá údaraithe ag údaráis inniúla na mBallstát trí mhaolú i gcomhréir le beart sriantach de chuid an Aontais a mheas mar shárú ar bheart sriantach de chuid an Aontais. Agus an Treoir seo á cur chun feidhme acu, cuirfidh na Ballstáit san áireamh, i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta, le dlí na coinbhleachta armtha agus le bearta sriantacha, go n-éilítear nár cheart go gcuirfí cosc le bearta sriantacha le cabhair dhaonnúil a sholáthar i gcomhréir le prionsabail na neamhchlaontachta, na daonnachta, na neodrachta agus an neamhspleáchais.
- (4b) Go háirithe, chun bearta sriantacha an Aontais a chur i bhfeidhm go héifeachtach, tá gá le rialacha íosta comhchoiteanna i ndáil le sáruithe ar bhearta maidir le reo sócmhainní mar a leagtar síos sna Rialacháin ábhartha ón gComhairle iad. Áirítear ar na bearta sin toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí atá faoi réir bearta maidir le reo sócmhainní nó chun tairbhe na ndaoine, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí sin, chomh maith leis an oibleagáid na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha uile ar leis na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí céanna iad nó atá á sealbhú nó á rialú acu a reo.
- (4c) Le bearta sriantacha an Aontais leagtar síos freisin srianta ar ligean isteach (toirmeasc taistil) ar cheart iad a chumhdach leis an Treoir seo. Le bearta den sórt sin, a leagtar síos de ghnáth i gCinneadh ón gComhairle arna ghlacadh ar bhonn Airteagal 29 CAE agus a chuirtear chun feidhme trí bhíthin an dlí náisiúnta, ceanglaítear ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun teacht isteach, nó idirthuras a dhéanamh trína gcríocha, na ndaoine nádúrtha atá faoi réir bearta sriantacha an Aontais a chosc.

- (4d) Maidir le haon chineál idirbheart a dhéanamh nó leanúint d'aon chineál idirbheart, lena n-áirítear idirbhearta airgeadais, ach gan a bheith teoranta dóibh, mar aon le dámhachtain nó forghníomhú leanúnach aon chonartha phoiblí nó lamháltais a thagann faoi raon feidhme na dTreoracha maidir le soláthar poiblí, le tríú Stát, le comhlachtaí de chuid tríú Stát, le heintitis agus le comhlachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú tríú Stát nó comhlachtaí tríú Stát, ba cheart é a bheith ina chion coiriúil freisin, a mhéid a thoirmistear é le beart sriantach de chuid an Aontais.
- (4e) Ina theannta sin, iarrtar rialacha maidir le hearraí nó seirbhísí a thrádáil, a allmhairiú, a onnmhairiú, a dhíol, a cheannach, a aistriú nó a iompar. Ba cheart sárú na dtoirmeasc sin, chomh maith le soláthar cúnaimh theicniúil, seirbhísí bróicéireachta, árachais agus aon seirbhíse eile a bhaineann leis na hearraí nó leis na seirbhísí sin, go díreach nó go hindíreach, a bheith ina chion coiriúil. Chun na críche sin, áirítear i gcoincheap na n-earraí nithe, mar shampla teicneolaíocht agus trealamh míleata, earraí, bogearraí agus teicneolaíocht, a áirítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh nó a liostaítear in Iarscríbhinní I agus IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821.
- (4f) Ina theannta sin, iarrtar rialacha eile maidir le bearta eacnamaíocha agus airgeadais earnála arna nglacadh faoi CBES. Tagraítear sna rialacha sin do rialacha maidir le seirbhísí airgeadais a sholáthar nó maidir le gníomhaíochtaí airgeadais a dhéanamh a gcuirtear toirmeasc orthu nó srian leo le bearta sriantacha an Aontais. Cuimsítear sna seirbhísí agus gníomhaíochtaí airgeadais sin, ach gan iad a bheith teoranta dóibh, maoiniú agus cúnamh airgeadais, infheistíocht agus seirbhísí infheistíochta a sholáthar, urrúis inaistrithe agus ionstraimí margaidh airgid a eisiúint, tascí a ghlacadh, sainseirbhísí teachtaireachtaí airgeadais a sholáthar, déileáil le nótaí bainc, seirbhísí rátála creidmheasa a sholáthar, agus cripteashócmhainní agus criptea-thiachóga a sholáthar.

- (4g) Tagraítear sna bearta sin freisin do rialacha maidir le soláthar seirbhísí eile a gcuirtear toirmeasc orthu nó srian leo le bearta sriantacha an Aontais. Cuimsíonn seirbhísí den sórt sin, gan a bheith teoranta dóibh, seirbhísí comhairleacha dlíthiúla, seirbhísí iontaoibhe, seirbhísí caidrimh phoiblí, cuntasáíocht, iniúcháireacht, leabharchoimeád agus seirbhísí comhairliúcháin cánach, comhairliúchán gnó agus bainistíochta, comhairliúchán TF, seirbhísí craolacháin, ailtireachta agus innealtóireachta a sholáthar.
- (5) Trí bhearta sriantacha an Aontais a chur i bhfeidhm go héifeachtach, tá gá freisin le comhrialacha íosta maidir leis na sainmhínithe coiriúla ar iompar a théann timpeall ar bheart sriantach de chuid an Aontais.
- (6) [...] **Sampla d'imchéimniú atá ag éirí níos forleithne i gcónaí** is ea an cleachtas atá ag daoine agus eintitis ainmnithe cistí, maoin nó acmhainní eacnamaíocha a aistriú chuig tríú páirtí chun teacht timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais [...]. Dá bhrí sin, **nuair a dhéanann daoine nádúrtha ainmnithe nó ionadaithe eintiteas nó comhlachtaí ainmnithe amhlaidh**, cumhdaítear an t-iompar sin leis an gcion imchéimnithe arna comhfhogasú leis an Treoir seo. **Thairis sin, is ionann an cleachtas maidir le faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar d'fhonn a cheilt gur úinéir deiridh nó tairbhí cistí nó acmhainní eacnamaíocha atá faoi réir bearta sriantacha é duine, eintiteas nó comhlacht ainmnithe agus teacht timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais freisin. Dá bhrí sin, cumhdaítear an t-iompar sin sa cion um theacht timpeall arna chomhfhogasú leis an Treoir seo.**

- (6a) Maidir le mainneachtaí na hoibleagáidí tuairiscithe agus comhair a chomhlíonadh, ba cheart iad a chumhdach freisin leis an gcion imchéimnithe, sa mhéid is go leagtar síos le beart sriantach de chuid an Aontais oibleagáid chomhfhreagrach maidir le tuairisciú agus comhoibriú leis na húdaráis inniúla riaracháin.
- (6c) Thairis sin, éilítear le cur i bhfeidhm éifeachtach bhearta sriantacha an Aontais comhrialacha íosta maidir le sainiú an dlí choiriúil ar iompar trína sáraítear nó trína mainnítear na coinníollacha sonracha faoi údaruithe arna ndeonú ag údaráis inniúla chun gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh a chomhlíonadh, ar gníomhaíochtaí iad atá toirmisceithe nó srianta faoi bheart sriantach de chuid an Aontais in éagmais údarú den sórt sin. Ina ionad sin, bheadh aon ghníomhaíocht a dhéantar in éagmais údaraithe ina sárú ar bhearta den sórt sin agus, de réir mar is iomchuí, d'fhéadfaí a mheas gur sárú ar bhearta maidir le reo sócmhainní, toirmisc taistil, trádhaic arm nó bearta eacnamaíocha agus airgeadais eanála eile í.

- (7) Ba cheart dlíodóirí, mar atá sainithe ag na Ballstáit, a bheith faoi réir na Treorach seo.[...]
Ba cheart, áfach, eisceachtaí a bheith ann ó oibleagáid ar bith faisnéis [...] **a thugann duine dá gcliaint dóibh, nó faisnéis a fhaightear ó dhuine dá gcliaint**[...], le linn dóibh a bheith ag fionnadh a seasaimh dhlíthiúil[...], **nó le linn dóibh a bheith ag cosaint nó ag ionadaíocht ar son an chliaint sin in imeachtaí breithiúnacha nó maidir leo, lena n-áirítear comhairle a chur ar fáil i ndáil le himeachtaí den sórt sin a thionscnamh nó a sheachaint, a thuairisciú.** Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an chomhairle dlí **sin** [...]fós faoi réir oibleagáid na rúndachta gairmiúla, ach amháin i gcás ina bhfuil an gairmí dlí ag glacadh páirt sa sárú ar bhearta sriantacha an Aontais, go soláthraítear an chomhairle dlí chun críocha bearta sriantacha an Aontais a shárú, nó go bhfuil a fhios ag an ngairmí dlí go bhfuil an cliant ag lorg comhairle dlí chun críocha bearta sriantacha an Aontais a shárú [...].
- (8) [...]

(9) [...].

(10) Ba cheart pionóis do na cionta a beith éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach.

Chuige sin, ba cheart íosleibhéil don uastearma príosúnachta a shocrú do dhaoine nádúrtha.

Ba cheart pionóis bhreise nó bearta breise a bheith ar fáil in imeachtaí coiriúla freisin.

Féadfar[...] fineálacha a áireamh leo, ag cur san áireamh gurb iad cúinsí eacnamaíocha is mó a spreagann sárú ar bhearta sriantacha an Aontais.

(10a) Ba cheart gríosú cionta, cabhrú leo nó iad a neartú, agus iarracht cionta a dhéanamh faoin Treoir a choiriúlú freisin.

(11) Ós rud é go bhfuil daoine dlítheanacha faoi réir bhearta sriantacha an Aontais freisin, ba cheart daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas [...] chomh maith mar gheall ar chionta a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais **mar a shainítear sa [...] Treoir seo iad. Ar an gcaoi sin, is é a thuigtear le ‘duine dlítheanach’ aon eintiteas dlítheanach a bhfuil an stádas sin aige faoin dlí is infheidhme, cé is moite de na Stáit nó de na comhlachtaí poiblí a fheidhmíonn údarás an Stáit agus d’eagraíochtaí idirnáisiúnta poiblí. Na Ballstáit sin a ndéantar foráil lena ndlí náisiúnta maidir le dliteanas coiriúil daoine dlítheanacha, ba cheart dóibh a áirithiú go ndéantar foráil lena ndlíthe náisiúnta maidir le cineálacha agus leibhéil pionóis choiriúil atá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach mar a leagtar síos sa Treoir seo chun a cuspóirí a bhaint amach.** Na Ballstáit sin nach ndéantar foráil lena ndlí náisiúnta maidir le dliteanas coiriúil daoine dlítheanacha, ba cheart dóibh a áirithiú go ndéantar foráil lena **ndlíthe náisiúnta [...]** maidir le cineálacha agus leibhéil [...] pionóis **neamhchoiriúil**, atá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach [...] **mar a leagtar síos sa Treoir seo chun a cuspóirí a bhaint amach. Ba cheart feidhm a bheith ag na huasleibhéil fineálacha dá bhforáiltear sa Treoir seo maidir leis na cionta dá dtagraítear inti ar a laghad maidir leis na foirmeacha is tromchúisí de chionta den sórt sin. Ba cheart tromchúis an iompair chomh maith le himthosca aonair, airgeadais agus eile na ndaoine dlítheanacha a chur san áireamh chun a áirithiú go mbeidh an pionós a fhorchuirtear éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach. Maidir le huasleibhéil fineálacha sa dlí náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit céatadán de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh lena mbaineann a úsáid, nó féadfaidh siad uasleibhéal na bhfineálacha a chinneadh i ndearbhmhéideanna. Ba cheart do na Ballstáit a chinneadh cén rogha mhalartach a roghnóidh siad agus an Treoir seo á trasú acu.**

(11a) Más rud é, maidir le fíneálacha atá le forchur ar dhaoine dlítheanacha a chinneadh, go roghnaíonn na Ballstáit critéar láimhdeachais dhomhanda iomláin duine dhlítheanaigh a chur chun feidhme, ba cheart dóibh cinneadh a dhéanamh an ndéanfaidh siad an láimhdeachas domhanda iomlán a ríomh bunaithe ar an mbliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion, nó ar an mbliain ghnó roimh an gcinneadh fíneála, agus an Treoir seo á trasuí. Ina theannta sin, ba cheart dóibh féachaint ar fhoráil a dhéanamh do rialacha i gcásanna nach féidir méid fíneála a chinneadh ar bhonn láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh sa bhliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion, nó sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh fíneála. I gcásanna den chineál sin, ba cheart go bhféadfaí critéir eile a chur san áireamh, mar shampla an láimhdeachas domhanda iomlán i gceann amháin de na blianta gnó roimhe sin. I gcás ina n-áirítear sna rialacha sin méideanna fíneálacha a shocrú i ndearbhuimhreacha, níor cheart a chur de cheangal ar na leibhéil díobh sin na huasleibhéil a bhunaítear sa Treoir seo a bhaint amach mar an t-íoscheanglas le haghaidh uasleibhéil na bhfíneálacha a chinntear i ndearbhmhéideanna.

(11b) I gcás ina roghnaíonn na Ballstáit uasleibhéal fíneálacha a chinntear

i ndearbhmhéideanna, ba cheart na leibhéil sin a leagan síos sa dlí náisiúnta. Ba cheart feidhm a bheith ag na leibhéil is airde fíneálacha den sórt sin maidir leis na cineálacha cionta is tromchúisí dá bhforáiltear sa Treoir seo, cionta a dhéanann daoine dlítheanacha atá láidir ó thaobh airgeadais de. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir leis an modh chun leibhéil na bhfíneálacha sin a ríomh, lena n-áirítear coinníollacha sonracha do na leibhéil is airde de na fíneálacha sin. Ba cheart a iarraidh ar na Ballstáit athbhreithniú rialta a dhéanamh ar leibhéil na bhfíneálacha a chinntear i ndearbhmhéideanna maidir le rátaí boilscithe agus luaineachtaí eile i luach airgeadaíochta, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach ina ndlí náisiúnta. Na Ballstáit sin nach bhfuil an euro mar airgeadra acu, ba cheart dóibh foráil a dhéanamh maidir le huasleibhéil fíneálacha ina n-airgeadra a chomhfhreagraíonn do na leibhéil a chinntear in euro sa Treoir seo ar dháta glactha na Treorach seo. Iarrtar ar na Ballstáit sin athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na leibhéil maidir le forbairt an ráta malairte freisin.

(11c) Tá sainmhíniú uasleibhéal na bhfíneálacha gan dochar do rogha na mbreithiúna nó

na gcúirteanna in imeachtaí coiriúla pionóis iomchuí a fhorchur sna cásanna aonair. Ós rud é nach leagtar amach leis an Treoir seo aon íosleibhéil fíneálacha, ba cheart do na breithiúna nó do na cúirteanna, in aon chás, pionóis iomchuí a fhorchur agus imthosca aonair, airgeadais agus eile an duine dhlítheanaigh lena mbaineann agus tromchúis an iompair á gcur san áireamh. Cé gur cheart an t-uasleibhéal fíneála dá bhforáiltear sa Treoir seo maidir leis an gcion coiriúil faoi seach a chur san áireamh, níor cheart don fhíneáil iarbhír a fhorchuirtear i gcás aonair an t-uasleibhéal fíneála a chinntear leis an Treoir seo a bhaint amach.

- (12) Ba cheart tuilleadh comhfhogasaithe agus éifeachtachta maidir le leibhéil na bpionós a fhorchuirtear sa chleachtas a chothú trí imthosca géaraitheacha coiteanna lena léirítear, **i gcomhréir le forálacha ábhartha an dlí náisiúnta**, déine na coire a rinneadh. Ba cheart an coincheap imthosca géaraitheacha a thuiscint mar fhíricí trínar féidir le breitheamh náisiúnta nó cúirt pianbhreith níos airde a fhógairt i leith an chiona chéanna ná an ceann a tabhaíodh gan na fíricí sin, nó mar fhéidearthacht roinnt cionta a choimeád go carnach chun leibhéal an phionóis a mhéadú. Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh go bhféadfaí ceann amháin ar a laghad de na himthosca géaraitheacha sin a bheith ann i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme arna mbunú lena gcóras dlí maidir le himthosca géaraitheacha. In aon chás, ba cheart go mbeadh sé fós faoi rogha an bhreithimh nó na cúirte a chinneadh an méadófar an pianbhreith, agus imthosca uile an cháis aonair á gcur san áireamh.
- (13) **Féadfaidh**[...] na Ballstáit a áirithiú freisin, **i gcomhréir le forálacha ábhartha an dlí náisiúnta**, i gcásanna ina soláthraíonn an ciontóir faisnéis do na húdaráis inniúla nach mbeadh siad ábalta a fháil murach sin, faisnéis a chuidíonn leo ciontóirí eile a shainaithint nó a thabhairt chun dlí nó fianaise a aimsiú, go bhféadfar iompar den sórt sin a mheas mar imthoisc mhaolaitheach.

- (14) Is de chineál riaracháin atá an reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha a fhorchuirtear le bearta sriantacha an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart é a idirdhealú ó bhearta reo de chineál coiriúil **dá dtagraítear i dTreoir 2014/42/AE[...]. Ba cheart do na Ballstáit reo agus coigistiú ionstraimeachtaí agus fáltais ó na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo a chumasú. Na Ballstáit a bhfuil Treoir 2014/42/AE mar cheangal orthu, ba cheart dóibh déanamh amhlaidh i gcomhréir leis an Treoir sin.**
- (15) [...] **Ina theannta sin,** go sonrach i gcásanna ina ndéanann an duine ainmnithe, **nó ionadaí** eintitis nó comhlachta **ainmnithe cionta sonracha a bhaineann le teacht timpeall ar bheart sriantach de chuid an Aontais,** nó ina nglacann an duine nó an t-ionadaí sin páirt iontu:
- (i) [...]cistí nó acmhainní eacnamaíocha atá faoi úinéireacht, i seilbh, nó á rialú ag duine, eintiteas nó comhlacht ainmnithe a [...] **aistriú,** ar cistí nó acmhainní iad atá le reo i gcomhréir le beart sriantach de chuid an Aontais[...], chuig tríú páirtí **chun na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha a cheilt;** nó (ii) **faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar, [...] chun a cheilt** gurb é duine, eintiteas nó comhlacht **ainmnithe [...]** úinéir nó tairbhí deiridh na gcistí nó na n-acmhainní eacnamaíocha[...] **agus go bhfuil gá le reo agus coigistiú cistí agus acmhainní eacnamaíocha a chumasú faoi réir bhearta sriantacha an Aontais, fiú i gcás nach ionstraimeachtaí nó fáltais iad faoi Threoir 2014/42/AE.** Sna himthosca sin, mar thoradh ar an iompair um cheilt, féadfaidh an duine, [...]eintiteas **nó** comhlacht ainmnithe leanúint de rochtain a fháil ar na cistí nó ar na hacmhainní eacnamaíocha atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais atá ceilte agus úsáid iomlán a bhaint astu nó iad a dhiúscairt. Dá bhrí sin, ba cheart cistí nó acmhainní eacnamaíocha den sórt sin **a bheith faoi réir reo agus coigistiú, i gcomhréir leis na coimircí, lena n-áirítear urraim do phrionsabal na comhréireachta i gcásanna aonair, a leagtar amach i dTreoir 2014/42/AE. Níor cheart dochar a dhéanamh do chearta tríú páirtithe *bona fide*. [...]**

- (16) I bhfianaise, go háirithe, ghníomhaíochtaí dhéantóirí an iompair neamhdhleathaigh a chumhdaítear faoin Treoir seo, mar aon le cineál trasteorann na gcionta agus an fhéidearthacht imscrúduithe trasteorann a dhéanamh, ba cheart do na Ballstáit dlínse a bhunú chun cur i gcoinne an iompair sin go héifeachtach.
- (17) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le tréimhsí teorann atá riachtanach lena chur ar a gcumas cionta a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a chomhrac go héifeachtach, gan dochar do rialacha náisiúnta nach socraítear leo tréimhsí teorann maidir le himscrúdú, le hionchúiseamh agus le forfheidhmiú. **I gcás ina gceadaítear do na Ballstáit maolú ar na tréimhsí teorann, ar choinníoll go bhféadfar an tréimhse a bhriseadh nó a chur ar fionraí i gcás gníomhartha sonraithe, féadfar gníomhartha den sórt sin a shainiú i gcomhréir le córas dlí gach Ballstáit.**
- (18) Chun córas forfheidhmithe éifeachtach comhtháite comhleanúnach a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit comhar agus cumarsáid inmheánach a eagrú idir na gníomhaithe uile feadh na slabhraí forfheidhmithe riaracháin agus coiriúla.

(19) [...]

(20) **Na daoine sin dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir (AE) 2019/1937**

ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴ a thuairiscíonn [...]d'údaráis inniúla maidir le sáruithe atá déanta, atá á ndéanamh nó atá beartaithe maidir le bearta sriantacha an Aontais, lena n-áirítear iarrachtaí chun dul timpeall orthu, faisnéis **atá faighte acu i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an obair, tá baol ann go bhfulaingeoide siad frithbheart sa chomhthéacs sin. [...]**Is féidir le tuarascálacha den sórt sin ó sceithirí forfheidhmiú a neartú trí fhaisnéis a sholáthar [...]atá bainteach, mar shampla, le firicí a bhaineann le sáruithe ar bhearta sriantacha an Aontais, lena n-imthosca agus leis na daoine aonair, cuideachtaí agus tríú tíortha lena mbaineann. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú go mbeidh socruithe iomchuí i bhfeidhm ionas gur féidir le sceithirí den sórt sin **bealaí rúnda a úsáid**, na húdaráis inniúla a chur ar an eolas agus chun iad a chosaint ar fhrithbhearta. Chun na críche sin, ba cheart a fhoráil go bhfuil Treoir (AE) 2019/1937 [...] ⁵ infheidhme maidir le sáruithe ar bhearta sriantacha an Aontais a thuairisciú agus maidir le daoine a thuairiscíonn sáruithe den sórt sin a chosaint, **faoi na coinníollacha a leagtar síos ann.**

⁴ Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais, IO L 305, 26.11.2019, lgh. 17-56.

⁵ [...]

(21) Lena áirithiú go ndéanfar imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach ar sháruithe ar bhearta sriantacha an Aontais, ba cheart an deis a bheith acu siúd atá freagrach as imscrúdú nó ionchúiseamh a dhéanamh ar na **cionta**[...] sin uirlisí imscrúdaitheacha a úsáid, **má tá agus a mhéid atá úsáid na n-uirlisí sin iomchuí agus comhréireach le cineál agus tromchúis na gcionta mar a shainítear sa dlí náisiúnta iad. I gcás ina bhféadfaí a mheas gur cionta tromchúiseacha iad na cionta sin de réir an dlí náisiúnta, agus laistigh den chatagóir choiriúil inar sáraíodh bearta sriantacha, ba cheart uirlisí imscrúdaitheacha ar nós iad siúd a úsáidtear chun coireacht eagraithe nó cásanna eile coireachta tromchúisí a imscrúdú a bheith ar fáil.** Ba cheart úsáid uirlisí den sórt sin, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a bheith spriocdhírithé agus ba cheart, agus iad á n-úsáid, prionsabal na comhréireachta agus cineál agus tromchúis na gcionta atá faoi imscrúdú a chur san áireamh chomh maith leis an gceart maidir le cosaint sonraí pearsanta a urramú [...].

(21a) Chun imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach ar sháruithe ar bhearta sriantacha an Aontais a áirithiú, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát oibriú i gcomhar le Europol, le Eurojust agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach agus i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme. Ba cheart do na húdaráis inniúla sin faisnéis a roinnt lena chéile agus leis an gCoimisiún maidir le saincheisteanna praiticiúla.

- (22) Le leasú ar Threoir (AE) 2018/1673 maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil⁶, ba cheart a áirithiú go ndéanfar an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a mheas mar choir phreideacáide le haghaidh sciúradh airgid de réir na Treorach sin.
- (23) Maidir le cuspóirí na Treorach seo, is é sin **comhrialacha íosta maidir le** sainmhínithe comhchoiteanna ar chionta a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais agus infhaighteacht pionós coiriúil atá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach maidir le cionta tromchúiseacha a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a áirithiú, ní fhéadfaidh na Ballstáit iad a bhaint amach go leordhóthanach ach seachas sin, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na Treorach seo, is fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, agus cineál trasteorann an tsáraithe ar bhearta sriantacha an Aontais mar aon lena n-acmhainneacht an bonn a bhaint de bhaint amach chuspóirí an Aontais chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chosaint agus luachanna coiteanna an Aontais a chaomhnú á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

⁶ Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac leis an dlí coiriúil, IO L 284, 12.11.2018, lgh. 22-30.

- (24) Urramaítear leis an Treoir seo na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear, go háirithe, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear na cearta chun saoirse agus slándála, sonraí pearsanta a chosaint, an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart chun maoine, an ceart chun leighis éifeachtaigh agus trialach córa, toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun cosanta, lena n-áirítear an ceart gan tú féin a chiontú agus bheith i do thost, prionsabail na dlíthiúlachta, lena n-áirítear prionsabal neamh-aisghníomhaíocht na bpionós coiriúil agus chomhréireacht na gcionta agus na bpionós coiriúla, chomh maith leis an bprionsabal *ne bis in idem*. Leis an Treoir seo, féachtar lena áirithiú go n-urramófar na cearta agus na prionsabail sin go hiomlán agus ní foláir í a chur chun feidhme dá réir sin.

- (25) Agus an Treoir seo á cur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar cearta nós imeachta daoine atá faoi amhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla a urramú. I ndáil leis sin, níor cheart do na hoibleagáidí faoin Treoir seo dul i gcion ar oibleagáidí na mBallstát faoi dhlí an Aontais maidir le cearta nós imeachta in imeachtaí coiriúla, go háirithe Treoir 2010/64/AE⁷, Treoir 2012/13/AE⁸, 2013/48/AE⁹, Treoir (AE) 2016/343¹⁰, Treoir (AE) 2016/800¹¹ agus Treoir (AE) 2016/1919¹² ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (26) Toisc go bhfuil gá práinneach ann go gcoinneofar daoine aonair agus daoine dlítheanacha a bhfuil baint acu leis an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais cuntasach, ba cheart do na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a chur i bhfeidhm laistigh de 12 [...] mhí i ndiaidh theacht i bhfeidhm na Treorach seo.

⁷ Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1).

⁸ Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart i gcomhair faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1).

⁹ Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart chun dlíodóir a rochtain in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chailltear an tsaoirse (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1).

¹⁰ Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thiomhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla (IO L 65, 11.3.2016, lch. 1).

¹¹ Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí atá faoi drochamhras nó do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1).

¹² Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1).

(26a) Is é is aidhm do choiriúlú sáruithe ar bhearta sriantacha an Aontais faoin Treoir seo a áirithiú go mbeidh na sáruithe sin inphionóis mar chionta coiriúla a bheidh infhorfheidhmithe i ngach Ballstát. I gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tá sé de cheangal ar na Ballstáit na bearta uile is gá a ghlacadh ina gcórais dlí náisiúnta chun a áirithiú go bhfuil an Treoir go hiomlán éifeachtach, i gcomhréir leis an gcuspóir a shaothraítear léi. Féadfaidh na Ballstáit an fhoirm agus an modh chun an ceanglas seo a chur chun feidhme a roghnú, agus ní bheidh gá i gcónaí le forálacha dlíthiúla sainráite sonracha a ghlacadh, agus áiritheoidh siad ag an am céanna go gcuirfear forálacha na Treorach seo chun feidhme ar bhealach ceangailteach nach mbaineann amhras ar bith leis, agus leis an tsainiúlacht, an cruinneas agus an tsoiléireacht is gá chun ceanglais na deimhneachta dlíthiúla a chomhlíonadh, agus an phoiblíocht chuí á tabhairt do na bearta náisiúnta arna nglacadh de bhun rialacha an Aontais ar bhealach a chuirfidh ar chumas na ndaoine lena mbaineann na bearta sin raon feidhme a gceart agus a n-oibleagáidí a fhionnadh.

(27) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

(28) [...]

[...]I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, tá fógra tugtha ag Éirinn, le litir **an 3 Márta 2023**[...] gur mian léi bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na Treorach seo,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Treoir seo, bunaítear rialacha fosta maidir leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus ar phionóis choiriúla i ndáil le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais.

Airteagal 2

Raon feidhme[...]

(1)[...] Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le sáruithe ar bhearta sriantacha an Aontais. [...]

[...][...][...][...][...]

Airteagal 2a

Sainmhínithe

(2)[...] Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) **ciallaíonn** [...] 'bhearta sriantacha an Aontais' arna bhearta sriantacha iad nglacadh ag an Aontas ar bhonn Airteagal 29 CAE nó Airteagal 215 CFAE;

- (b) ciallaíonn ‘duine, eintiteas nó comhlacht ainmnithe’, [...]duine, eintiteas[...] nó comhlacht nádúrtha nó dlíthiúil[...] atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais[...];
- (c) ciallaíonn ‘cistí’ **sócmhainní airgeadais agus leasanna de gach cineál, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta don mhéid seo a leanas:**
- (i) airgead tirim, seiceanna, éilimh ar airgead, dréachtaí, orduithe airgid agus ionstraimí íocaíochta eile;
 - (ii) taiscí le hinstitiúidí airgeadais nó le heintitis eile, iarmhéideanna ar chuntais, fiacha agus oibleagáidí fiachais;
 - (iii) urrúis agus ionstraimí fiachais a thrádáiltear go poiblí nó príobháideach, lena n-áirítear stoic agus scaireanna, deimhnithe in ionannas urrús, bannaí, nótaí, barántas, bintiúr agus conarthaí díorthach;
 - (iv) ús, díbhinní nó ioncam eile ar shócmhainní nó luach a fhabhraíonn astu nó arna nginiúint astu;
 - (v) creidmheas, ceart fritháirimh, ráthaíochtaí, bannaí feidhmíochta nó ceangaltais airgeadais eile;
 - (vi) litreacha creidmheasa, billí luchtaithe, billí díolacháin;
 - (vii) doiciméid ina bhfuil cruthúnas ar leas i gcistí nó in acmhainní airgeadais;
 - (viii) cripteashócmhainní **mar a shainmhínítear i Rialachán xxx/2023 maidir le Margaí Criptea-Shócmhainní;**¹³

¹³ **Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margaí Criptea-Shócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 (MiCA) ...**

- (d) ciallaíonn ‘acmhainní eacnamaíocha’ sócmhainní de gach cineál, bídis inláimhsithe nó doláimhsithe, sochorraithe nó dochorraithe, arb acmhainní nach cistí iad, ach a fhéadfar a úsáid chun cistí, earraí nó seirbhísí a fháil;
- (e) ciallaíonn ‘reo cistí’ cosc a chur ar aon bhogadh, aistriú, athrú, úsáid, rochtain ar, nó láimhseáil cistí ar aon dóigh a mbeadh, mar thoradh air, aon athrú ar a dtoirt, líon, suíomh, úinéireacht, seilbh, tréith, ceann scríbe, nó aon athrú eile a d’fhágfadh go bhféadfaí na cistí a úsáid, bainistíocht punainne san áireamh;
- (f) ciallaíonn ‘reo acmhainní eacnamaíocha’ cosc a chur le húsáid acmhainní eacnamaíocha chun cistí, earraí nó seirbhísí a fháil ar aon bhealach, lena n-áirítear, iad a dhíol, a fhrúiliú nó a mhorgáistiú, ach gan bheith teoranta don mhéid sin.

Airteagal 3

Sárú ar bhearta sriantacha an Aontais

- (1) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur cion coiriúil é **an t-iompar seo a leanas**,[...] i gcás ina ndéantar d’aon ghnó é, **a mhéid is gur sárú é ar thoirmeasc nó oibleagáid a leagtar amach i mbeart sriantach de chuid an Aontais nó i bhforáil náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme beart sriantach de chuid an Aontais, i gcás inar gá cur chun feidhme náisiúnta na mbeart sin**[...]

- (2)[...] [...]:

- (a) cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhuine, d'eintiteas nó do chomhlacht ainmnithe, nó chun tairbhe do dhuine, d'eintiteas nó do chomhlacht ainmnithe, de shárú ar thoirmeasc **arna fhorchur** le beart sriantach an Aontais;
- (b) mainneachtain cistí nó acmhainní eacnamaíocha ar le duine, eintiteas nó comhlacht ainmnithe iad nó atá i seilbh nó á rialú ag duine, eintiteas nó comhlacht ainmnithe, a reo, de shárú ar oibleagáid [...] **a leagtar amach i mbeart** sriantach de chuid an Aontais;
- (c) cur ar chumas daoine nádúrtha ainmnithe teacht isteach i gcríoch Ballstáit, **nó idirthuras a dhéanamh tríthi** [...], de shárú ar thoirmeasc **arna fhorchur** le beart sriantach de chuid an Aontais;
- (d) idirbhearta a dhéanamh **nó leanúint d'idirbhearta** le tríú Stát, le comhlachtaí tríú Stát, le heintitis **nó** [...] le comhlachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú tríú Stát nó comhlachtaí tríú Stát, agus atá toirmiscthe nó srianta le bearta sriantacha an Aontais, **lena n-áirítear dámhachtain nó forghníomhú leanúnach conartha phoiblí nó lamháltais**;
- (e) **earraí** [...] a thrádáil, a allmhairiú, [...] **a dhíol**, a cheannach, a aistriú, a chur faoi bhealach nó a iompar chomh maith le seirbhísí bróicéireachta, **cúnamh teicniúil** nó seirbhísí a bhaineann leis na hearraí siúd [...], **de shárú ar thoirmeasc arna fhorchur le beart sriantach de chuid an Aontais**;

- (f) **seirbhísí** airgeadais a sholáthar **nó** gníomhaíochtaí **airgeadais a dhéanamh** atá toirmisce the nó srianta le bearta sriantacha an Aontais[...];
- (g) seirbhísí eile a sholáthar atá toirmisce the nó srianta le bearta sriantacha an Aontais[...];
- (h) teacht timpeall ar bheart sriantach de chuid an Aontais:
- (i) [...]cistí nó acmhainní eacnamaíocha atá faoi úinéireacht, i seilbh, nó á rialú ag duine, eintiteas nó comhlacht ainmnithe a [...] **aistriú**, ar cistí nó acmhainní iad **atá le reo i gcomhréir le beart sriantach de chuid an Aontais[...]**chuig tríú páirtí **chun na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha a cheilt;**
- (ii) **faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar, [...]** **chun a cheilt** gurb é duine, eintiteas nó comhlacht **ainmnithe** [...] úinéir nó tairbhí deiridh na gcistí nó na n-acmhainní eacnamaíocha **atá le reo i gcomhréir le beart sriantach de chuid an Aontais[...];**

- (iii) mainneachtain duine **nádúrtha, nó ionadaí eintitis nó comhlachta ainmnithe** oibleagáid a chomhlíonadh **arna forchur**[...] le bearta sriantacha an Aontais maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a thuairisciú laistigh de dhlínse Ballstáit ar leo iad, atá faoina n-úinéireacht, atá ina seilbh, nó atá á rialú acu;
- (iv) mainneachtain oibleagáid a chomhlíonadh **arna forchur le [...]** bearta sriantacha de chuid an Aontais maidir le faisnéis **arna fáil agus dualgas gairmiúil á chomhlíonadh** a sholáthar [...] do na húdaráis riaracháin inniúla faoi chistí **reoite** nó acmhainní eacnamaíocha nó faisnéis atá á coinneáil faoi chistí **nó [...]** acmhainní eacnamaíocha laistigh de chríoch na mBallstát nach bhfuil reoite, ar le daoine, eintitis nó comhlachtaí ainmnithe iad nó atá i seilbh nó á rialú ag daoine, eintitis nó comhlachtaí ainmnithe;
- (v)[...] [...]

- (i) sárú nó mainneachtain coinníollacha a chomhlíonadh faoi údaruithe arna ndeonú ag údaráis inniúla chun gníomhaíochtaí a dhéanamh, a gcuirtear toirmeasc orthu nó srian leo in éagmais údarú den sórt sin faoi bheart sriantach de chuid an Aontais.

(2a) Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach cion coiriúil iad na sáruithe dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (h) den Airteagal seo i gcás ina mbaineann siad le cistí nó le hacmhainní eacnamaíocha ar lú a luach ná EUR 10 000.

(2b) Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach cion coiriúil iad na sáruithe dá dtagraítear i mír 1, pointí (d) go (g) agus (i) den Airteagal seo i gcás ina mbaineann siad le hearraí, seirbhísí, idirbhearta nó gníomhaíochtaí ar lú a luach ná EUR 10 000.

(2c) Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach cion coiriúil é an sárú dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), den Airteagal seo i mionchásanna.

(3)[...] [...]

(4)[...] [...]

- (5) Ní thuigfear go bhforchuirfear le haon ní i mír 1[...]oibleagáid ar ghairmithe dlí faisnéis **a fhaigheann siad ó dhuine dá gcliaint, nó a fhaigheann siad faoi dhuine dá gcliaint, [...]** a thuairisciú le linn dóibh a bheith ag fionnadh sheasamh dlíthiúil [...] **a gcliaint[...], nó le linn dóibh a bheith ag cosaint nó ag ionadaíocht ar son an chliaint sin in imeachtaí breithiúnacha nó maidir leo, lena n-áirítear comhairle a chur ar fáil i ndáil le himeachtaí den sórt sin a thionscnamh nó a sheachaint, a thuairisciú. [...]**
- (6)[...] [...] [...] [...]

Airteagal 4

Gríosú, cabhrú agus neartú, agus iarracht a dhéanamh

- (1) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh sé inphionóis mar chion coiriúil na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3 a ghríosú, cabhrú leo agus iad a neartú.
- (2) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú gurb inphionóis mar chion cóiriúil iarracht a dhéanamh aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3 (1[...]), i bpointí (a), **(d)** go (g) [...] **agus** (h)(i) **agus** (ii) [...].

Airteagal 5

Pionóis choiriúla do dhaoine nádúrtha

- (1) Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar pionóis choiriúla atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a ghearradh mar phionós i leith na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 4.
- (2) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú gurb inphionóis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3 le pionós uasta lena ndéantar foráil do phríosúnacht.
- (3) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go mbeidh na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(1[...]), pointí (h)(iii)[...] **agus** (iv) [...] inphionóis le pionós uasta de bhliain amháin príosúnachta ar a laghad i gcás go bhfuil cistí nó acmhainní eacnamaíocha dar luach EUR 100 000 [...] ar a laghad i gceist leo.

- (4) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go mbeidh na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(1[...]), pointí (a), **(b)**[...] agus (h)(i) agus (ii) [...] inphionóis le pionós uasta de 5 bliana príosúnachta ar a laghad i gcás ina bhfuil cistí nó acmhainní eacnamaíocha dar luach EUR 100 000 ar a laghad **ar an dáta a rinneadh an cion** i gceist leo. [...] [...]
- (4a) **Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go mbeidh na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (d) go (g) agus (i) inphionóis le pionós uasta de 5 bliana príosúnachta ar a laghad i gcás ina bhfuil earraí, seirbhísí, idirbhearta nó gníomhaíochtaí dar luach EUR 100 000 ar a laghad ar an dáta a rinneadh an cion i gceist leo. I gcás ina mbaineann an cion coiriúil dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (e) le hearraí a áirítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh nó le hearraí dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinní I agus IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil an cion inphionóis le pionós uasta 5 bliana príosúnachta ar a laghad beag beann ar luach na n-earraí lena mbaineann.**
- (4b) **Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar an tairseach EUR 100 000 nó níos mó a chomhlíonadh trí shraith cionta nasctha den chineál céanna dá dtagraítear in Airteagal 3(1), nuair a dhéanann an ciontóir céanna iad.**

- (5) Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú go bhféadfaidh daoine nádúrtha a bhfuil na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 déanta acu a bheith faoi réir pionóis nó bearta breise **coiriúla nó neamhchoiriúla**, lena **bhféadfaí** [...] fineálacha a áireamh.

Airteagal 6

Dliteanas daoine dlítheanacha

- (1) Áiritheoidh na Ballstáit [...] go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i leith na gcionta dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 **i gcás ina ndearna** aon duine, ag gníomhú dó ina aonar nó mar chuid de chomhlacht de chuid an duine dhlítheanaigh [...] a **bhfuil post ceannaireachta aige thar ceann an duine dhlítheanaigh**, ina ndearna sé an cion chun a thairbhe féin, bunaithe ar aon cheann de na nithe seo a leanas:
- (a) cumhacht ionadaíocht a dhéanamh don duine dlítheanach;
 - (b) údarás cinntí a dhéanamh thar ceann an duine dhlítheanaigh;
 - (c) údarás chun smacht a fheidhmiú laistigh den duine dlítheanach.
- (2) Áiritheoidh na Ballstáit freisin [...] go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i gcás inarbh fhéidir le **duine faoi údarás an duine dhlítheanaigh**, mar thoradh ar easpa maoirseachta nó rialaithe ag duine dá dtagraítear i mír 1 [...], cion [...] dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 a dhéanamh [...] chun tairbhe [...] an duine dhlítheanaigh.

- (3) Ní eisiafar le dliteanas daoine dlítheanacha faoi mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo [...] imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne daoine nádúrtha a dhéanann nó a ghríosaíonn na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 nó atá ina gcúlpháirtithe sna cionta sin.

Airteagal 7

[...]Smachtbhannaí ar dhaoine dlítheanacha

- (1) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh duine dlítheanach arna chur faoi dhliteanas de bhun Airteagal 6[...] **inphionóis le [...] smachtbhannaí nó bearta coiriúla nó neamhchoiriúla** atá éifeachtúil, comhréireach agus athchomhairleach [...], lena n-áiríteofar fineálacha coiriúla nó neamhchoiriúla agus d'fhéadfaí a áirithiú iontu **smachtbhannaí nó bearta coiriúla nó neamhchoiriúla** eile [...], mar shampla:

(a-1) eisiamh ó theidlíocht i leith sochair phoiblí nó cúnamh poiblí;

(a-2) eisiamh ó rochtain ar mhaoiniú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais agus lamháltais;

- (a) dícháiliú ó ghníomhaíochtaí gnó a chleachtadh;
- (b) ceadanna agus údaruithe chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí arb é an toradh a bhí orthu go ndearnadh an cion a tharraingt siar;
- (c) cur faoi mhaoirseacht bhreithiúnach;
- (d) foirceannadh breithiúnach;

(e) dúnadh bunaíochtaí, a úsáideadh chun an cion coiriúil a dhéanamh.

(2) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i gcás daoine dlítheanacha a chuirtear faoi dhlítheanas de bhun Airteagal [...]6, [...] , go mbeidh na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(1)[...][...] inphionóis le fineálacha **coiriúla nó neamhchoiriúla, agus beidh méid na gcionta sin comhréireach le tromchúis an iompair agus le himthosca aonair, airgeadais agus eile an duine dhlítheanaigh lena mbaineann. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach lú uasleibhéal [...] na bhfineálacha [...] ná:**

(a) 1 faoin gcéad de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh, **sa bhliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion, nó sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh fineála[...], i gcás cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(1) pointí (h) (iii) go (iv), agus 5 faoin gcéad de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh, sa bhliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion, nó sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh fineála, i gcás cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(1) pointí (a) go (g), (h)(i) agus (ii), agus pointe (i);**

sin, nó

(b) **méid a chomhfhreagraíonn do EUR 8 milliún do chionta dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (h)(iii) go (iv) agus EUR 40 milliún do chionta dá dtagraítear in Airteagal 3(1) pointí (a) go (g), (h)(i) agus (ii), agus pointe (i).**

Agus foráil á déanamh d'fhíneálacha de bhun Airteagal 7(2) pointe (a), féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rialacha i gcásanna nach féidir méid na fíneála a chinneadh ar bhonn láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh sa bhliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion, nó sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh fíneála.

(3)[...] [...]

Airteagal 8
Imthosca géaraitheacha

A mhéid nach bhfuil na himthosca seo a leanas ina gcuid de chomhghnéithe na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 cheana féin, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go bhféadfar ceann amháin nó níos mó de na himthosca seo a leanas, **i gcomhréir le forálacha iomchuí an dlí náisiúnta**, a mheas mar imthosca géaraitheacha:

- (a) rinneadh an cion faoi chuimsiú eagraíocht choiriúil de réir bhrí Chinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle¹⁴;
- (b) gur soláthraí seirbhíse gairmiúil a rinne an cion de shárú ar a **(h)**oibleagáidí gairmiúla;

¹⁴ Cinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe IO L 300, 11.11.2008, lgh. 42-45.

(c) gur oifigeach poiblí, agus a chuid nó a cuid dualgas á chomhlíonadh aige nó aici, **nó duine eile, le linn dó nó di feidhm phoiblí a chomhlíonadh**, a rinne an cion[...]

(d)[...] [...].

Airteagal 9

Imthoisc mhaolaitheach

Ar an gcoinníoll nach oibleagáid í sin cheana faoi bhearta sriantacha an Aontais, féadfaidh [...] na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh lena áirithiú, i dtaca leis na cionta ábhartha dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4[...], **agus i gcomhréir le forálacha iomchuí an dlí náisiúnta**, [...] **go bhféadfaí** a mheas mar imthoisc mhaolaitheach [...] **go** soláthraíonn an ciontóir faisnéis do na húdaráis inniúla nach mbeidís ábalta a fháil murach sin, rud a chuidíonn leo na ciontóirí eile a shainaithint nó a thabhairt chun dlí nó [...] **go** soláthraíonn an ciontóir faisnéis do na húdaráis inniúla nach mbeidís ábalta a fháil murach sin, rud a chuidíonn leo fianaise a aimsiú.

Airteagal 10

Calcadh agus coigistiú

(1) **Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun reo agus coigistiú ionstraimeachtaí agus fáлтаis ó na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 a chumasú. Na Ballstáit atá faoi cheangal ag Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, déanfaidh siad amhlaidh i gcomhréir leis an Treoir sin.**

- (2) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá **freisin ionas go bhféadfar reo agus coigistiú a dhéanamh** ar [...]chistí nó acmhainní eacnamaíocha atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais ar ina leith a ndéanann an duine **nádúrtha** ainmnithe, **nó ionadaí** ar an eintiteas nó an comhlacht **ainmnithe**, cion dá dtagraítear in Airteagal 3 ([...]1), pointí (h)(i) nó (ii)[...].
- Déanfaidh na Ballstáit amhlaidh i gcomhréir leis na coimircí a leagtar amach i dTreoir 2014/42/AE, lena n-áirítear urraim do phrionsabal na comhréireachta i gcásanna aonair. Ní dhéanfaidh an mhír seo dochar do chearta tríú páirtithe *bona fide*.**

Airteagal 11

Rialacha dlínse

- (1) [...]Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a dhlínse féin a bhunú ar na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 sna cásanna seo a leanas:
- (a) ina ndearnadh an cion ina iomláine nó go páirteach laistigh dá chríoch[...];
 - (b) ina ndearnadh an cion coiriúil ar bord [...] **loinge nó ar** bord aerárthaigh **a cláraíodh ina chríoch nó a raibh a bhratach ar foluain air**[...];
 - (c) inar duine de náisiúnaithe [...] de chuid an Bhallstáit é an ciontóir;
 - (d)[...] [...]
 - (e) [...] [...]
 - (f) [...] [...]

- (1a) Cuirfidh Ballstát an Coimisiún ar an eolas i gcás ina gcinneann sé a dhlínse a leathnú ar chion amháin nó níos mó dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 a rinneadh lasmuigh dá chríoch, sna cásanna seo a leanas:**
- (a) is gnáthchónaitheoir de chuid an Bhallstáit é an ciontóir;**
 - (b) is duine dá oifigh an ciontóir a ghníomhaíonn agus é nó í i mbun a dhualgais nó a dualgais oifigiúla;**
 - (c) rinneadh an cion chun tairbhe do dhuine dlítheanach atá bunaithe ina chríoch;**
 - (d) rinneadh an cion chun tairbhe do dhuine dlítheanach maidir le haon ghnó a dhéantar go hiomlán nó go páirteach ar a chríoch.**
- (2) I gcás ina dtagann cion dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 faoi dhlínse Bhallstáit amháin nó níos mó, comhoibreoidh na Ballstáit sin lena chinneadh cén Ballstát a sheolfaidh imeachtaí coiriúla. Déanfar an t-ábhar, i gcás inarb iomchuí, a tharchur chuig Eurojust i gcomhréir le hAirteagal 12 de Chinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle¹⁵.**

¹⁵ Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinbhleachtaí i bhfeidhmiú dlínse in imeachtaí coiriúla a chosc agus a shocrú, IO L 328, 15.12.2009, lch. 42.

- (3) I gcásanna dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach mbeidh feidhmiú a ndlínse faoi réir an choinníll nach féidir ionchúiseamh a thionscnamh ach amháin tar éis [...] séanadh ón Stát ina ndearnadh an cion coiriúil.

Airteagal 12
Tréimhsí teorann

- (1) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun tréimhse teorann a sholáthar ina n-éascófar na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 a imscrúdú, a ionchúiseamh, a thriail agus cinneadh breithiúnach a dhéanamh fúthu ar feadh tréimhse leordhóthanach ama ón uair a rinneadh na cionta coiriúla sin, ionas go rachfar i ngleic go héifeachtach leis na cionta coiriúla sin.
- (2) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena n-éascófar na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 is inphionóis le pionós uasta 5 bliana príosúnachta ar a laghad, a ionchúiseamh, a thriail agus cinneadh breithiúnach a dhéanamh fúthu ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad ón uair a rinneadh an cion.
- (3)[...] [...]
- (4)[...](3) Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun gur féidir an méid seo a leanas a fhorfheidhmiú:
- (a) pionós ar mó ná bliain amháin príosúnachta é; nó mar rogha ar an méid sin
- (b) pionós príosúnachta i gcás cion coiriúil is inphionóis le pionós uasta ar **5** [...] bliana príosúnachta ar a laghad é,

a fhorchuirtear tar éis ciontú deiridh i gcion coiriúil dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4, go ceann 5 bliana ar a laghad ó dháta an chiona deiridh. [...]

- (4) **De mhaolú ar mhíreanna 2 agus 3, féadfaidh na Ballstáit tréimhse teorann a bhunú atá níos giorra ná 5 bliana, ach nach bhfuil níos giorra ná 3 bliana, ar choinníoll gur féidir briseadh isteach ar an tréimhse nó í a chur ar fionraí i gcás gníomhartha sonraithe.**

Airteagal 13

Comhordú agus comhar idir údaráis inniúla laistigh de Bhallstát

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun sásraí iomchuí a bhunú maidir le comhordú agus comhar [...] i measc a n-údarás inniúil riaracháin, forfheidhmithe dlí agus breithiúnach go léir.

D'fhéadfaí an méid seo a leanas **a áireamh** sna sásraí sin [...]:

- (a) tosaíochtaí coiteanna agus tuiscint ar an ngaol idir forfheidhmiú coiriúil agus forfheidhmiú riaracháin a áirithiú;
- (b) malartú faisnéise chun críocha straitéiseacha agus oibríochtúla, **laistigh de na teorainneacha a leagtar amach sna rialacha is infheidhme**;
- (c) comhairliúchán in imscrúduithe aonair, **laistigh de na teorainneacha a leagtar amach sna rialacha is infheidhme**;
- (d) dea-chleachtais a mhalartú;
- (e) cúnamh do [...] chleachtóirí a oibríonn ar ábhair a bhaineann le cionta a imscrúdú agus a ionchúiseamh a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais,

agus féadfaidh siad, de réir mar is iomchuí, a bheith i bhfoirm comhlachtaí comhordúcháin speisialaithe, meabhráin tuisceana idir údaráis inniúla, líonraí forfheidhmiúcháin náisiúnta agus comhghníomhaíochtaí oiliúna.

Airteagal 14

Sáruihte ar bhearta sriantacha an Aontais [...] a thuairisciú agus cosaint daoine a thuairiscíonn [...] na sáruihte sin [...]

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh [...] Treoir (AE) 2019/1937¹⁶ infheidhme maidir le [...] **sáruihte ar bhearta sriantacha an Aontais [...]** dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 den Treoir seo a thuairisciú [...] **agus maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn na sáruihte sin, faoi na coinníollacha a bhunaítear inti.**

Airteagal 15

Uirlisí imscrúdaitheacha

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha **comhréireacha** ar fáil [...] chun na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 a imscrúdú nó a ionchúiseamh. **I gcás inar cionta tromchúiseacha iad sin, beidh fáil ar uirlisí imscrúdaitheacha speisialta, mar shampla na huirlisí sin a úsáidtear chun coireacht eagraithe a chomhrac.**

¹⁶ Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruihte ar dhlí an Aontais, IO L 305, 26.11.2019, lgh. 17-56.

Airteagal 16

Comhar idir údaráis na mBallstát, an Coimisiún, Europol, Eurojust agus

Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

- (1) Gan dochar do na rialacha maidir le comhar trasteorann agus cúnamh dlíthiúil frithpháirteach in ábhair choiriúla, rachaidh údaráis na mBallstát, Europol, Eurojust, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus an Coimisiún i mbun comhar lena chéile, laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach, sa chomhrac i gcoinne na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4. Chuige sin, soláthróidh an Coimisiún, agus i gcás inarb iomchuí, Europol agus Eurojust, cúnamh teicniúil agus oibríochtúil chun comhordú imscrúduithe agus ionchúiseamh ag na húdaráis inniúla a éascú.
- (2) Roinnfidh údaráis inniúla na mBallstát faisnéis faoi shaincheisteanna praiticiúla go rialta freisin, go háirithe, patrúin dul timpeall, e.g. struchtúir chun úinéireacht thairbhiúil agus rialú tairbhiúil sócmhainní a cheilt, leis an gCoimisiún agus le húdaráis inniúla eile.

Airteagal 17

Leasuithe ar Threoir (AE) 2018/1673

In Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2018/1673, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(w) sárú ar bhearta sriantacha an Aontais’.

Airteagal 18

Trasuí

- (1) Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm iad faoin [Oifig na bhFoilseachán- cuir isteach an dáta [...]
12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach. Cuirfidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear faoin Treoir in iúl don Choimisiún.
- (2) Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a leagfaidh síos an bealach a ndéanfar tagairt den sórt sin.

Airteagal 19

Meastóireacht agus tuairisciú

- (1) Faoin [Oifig na bhFoilseachán – cuir isteach an dáta – 2 bhliain tar éis an tréimhse thrasú a bheith thart], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar a mhéid a rinne na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Tabharfaidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá don Choimisiún chun an tuarascáil sin a ullmhú.
- (2) Gan dochar d'oibleagáidí tuairiscithe a leagtar síos i ngníomhartha dlí eile de chuid an Aontais, cuirfidh na Ballstáit an staidreamh seo a leanas maidir leis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 chuig an gCoimisiún ar bhonn bliantúil **má tá siad ar fáil ar leibhéal lárnach sa Bhallstát lena mbaineann:**
 - (a) líon na n-imeachtaí coiriúla a tionscnaíodh, a díbheadh, a raibh éigiontú mar thoradh orthu, a raibh ciontú mar thoradh orthu agus líon na n-imeachtaí coiriúla atá ar siúl fós;

- (b) cineálacha agus leibhéil na bpionós **agus na smachtbhannaí** a fhorchuirtear mar gheall ar shárú ar bhearta sriantacha an Aontais.
- (3) Cuirfidh na Ballstáit na sonraí staidrimh dá dtagraítear i mír 2 faoi bhráid an Choimisiúin trí úsáid a bhaint as na huirlisí tiomnaithe tuairiscithe a bhunaigh an Coimisiún chun tuairisciú a dhéanamh i réimse na mbeart sriantach.
- (4) Faoi [Oifig na bhFoilseachán – cuir isteach an dáta – 5 bliana tar éis an tréimhse thrasú a bheith thart], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar thionchar na Treorach seo agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Tabharfaidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá don Choimisiún chun an tuarascáil sin a ullmhú.

Airteagal 20

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 21

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán